
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN



# LEABHRÁN AN RÉITEORA ÓIG



# Teachtaireacht Ón Uachtarán

A chairde,

Tá an-áthas orm an teachtaireacht seo a scríobh don leabhrán fíorthábhachtach seo, 'Leabhrán an Réiteora Óig'. Ní bheadh aon chluichí againn gan réiteoirí agus tá súil agam go spreagfaidh an leabhrán seo agus a bhfuil le fáil ann daoine óga le dul i dtreo na réiteoireachta.

Is éard atá sa leabhrán seo ná acmhainn téarmaíochta le cabhrú le réiteoirí óga na Gaeltachta agus na nGaelscoileana ach go háirithe, agus iad ag tosú amach ar a dturais réiteoireachta. Tá na téarmaí ar fad a bhíonn bainteach le ról an réiteora idir na calaoisí éagsúla, fearas an réiteora, eolas tábhachtach don réiteoir agus go leor eile le fáil ann.

Tá clubanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge le fáil sna seacht gcontae Ghaeltachta chomh maith le hÁth Cliath agus Aontroim. Tá nasc nádúrtha ag lucht gaelscoileanna, atá suite i ngach contae in Éirinn, lena gcuid gclubanna, freisin, agus tá sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge ag réiteoirí óga le freastal ar na clubanna agus ar na Gaelscoileanna sin.

Gach seachtain bíonn na céadta cluichí ar siúl ar fud na tíre agus ar fud an domhain agus tá sé fíorthábhachtach go mbeadh an chéad ghlúin eile

réiteoirí ag teacht sna blianta amach romhainn le coinneáil suas leis an bhfás agus leis an bhforbairt atá ag teacht ar ár gcluichí bliain i ndiaidh bliana. Tá sé tábhachtach, freisin, go mbeadh réiteoirí óga nua againn ar ardchaighdeán le teacht sna sála ar na laochra réiteoirí atá againn faoi láthair.

Tá mé cinnte go mbeidh an leabhrán seo ina chabhair mhór ag na mílte réiteoirí óga. Déanaim comhghairdeas le Coiste Náisiúnta Gaeilge CLG as an leabhrán seo a chur le chéile.


Beirigí bua agus beannacht,




Labhrás Mac Carthaigh

***Labhrás Mac Carthaigh***
***Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael***

# Léaráid




Líne 65 méadar
Líne 45 méadar
An Chearnóg
An ‘D’
Líne 20 méadar
Líne 13 méadar
Líne lár na páirce

# Na príomhchalaoisí

## Calaoisí Móra



LÁMH AR DHROIM




CÉIMEANNA

BLOC COISE

TARRAINGT AR CHLOGAD

GAN AON CHOSAINT FIACLA

MARC



DHÁ PHREAB




TARRAINGT
AR GHEANSAÍ

LÁMH LEAGTHA
AR AN LIATHRÓID
AR AN TALAMH


CIC/POC ÉIRICE

CIC/POC SAOR

DROCHTHEANGA



CAMÁN A
CHAITHEAMH



CIC/POC
TAOBHLÍNE



PIOCTHA GLAN
ÓN TALAMH

# Réiteoir Óg

Is réiteoir óg é Cóilín Mac Diarmada a chuir tús lena thuras réiteoireachta i mbliana i gcontae na Mí. Imríonn Cóilín peil agus iomáint lena chlub ach tá sé an-sásta go bhfuil sé ag réiteoireacht anois, freisin.

Chuir muid cúpla ceist ar Chóilín faoin réiteoireacht agus faoin bhfáth ar shocraigh sé tabhairt fúithi.

**AINM:**

Cóilín Mac Diarmada

**CLUB:**

Dún Doire

**CONTAE:**

An Mhí

**CÉN UAIR AR THOSAIGH TÚ MAR RÉITEOIR:**

I mbliana

**CÉN FÁTH AR THOSAIGH TÚ AG RÉITEOIREACHT:**

Le tuiscint níos fearr a fháil ar na rialacha agus le ceird nua a fhoghlaim.

**CÉ CHOMH MINIC A BHÍONN TÚ AG RÉITEOIREACHT:**

Chomh minic agus is féidir liom nuair a bhíonn na Go Games ar siúl ar an deireadh seachtaine.

**AN RÉITEOIR IS FEARR LEAT:**


David Gough sa pheil agus Colm Lyons san iomáint.

**COMHAIRLE DO RÉITEOIRÍ ÓGA EILE:**

Déan do dhícheall. Déanann gach duine ar an bpáirc imeartha botúin. Mar sin, ná bí ródhian ort féin má dhéanann tú féin botún. Déan do dhícheall foghlaim uaidh.

**COMHAIRLE D'IMREOIRÍ:**

Bíodh meas ar an réiteoirí. Tá siad ag déanamh a ndíchill agus ní athraíonn siad a n-intinn!



# Feisteas an Réiteora

Cluaisín


Feadóg

Geansaí an réiteora

Uaireadóir

Póca

Bróga Peile


Peann
Cárta Dearg
Cárta Dubh
Cárta Buí
Leabhar Nótaí

# Téarmaí eile

## Comharthaí na maor agus eile



AR FÓRAOIL / AMÚ / AR STRAE




POC/CIC ÉIRICE

BLOC COISE

POC 45 MÉADAR

POC/CIC SAOR

POC/CIC TAOBHLÍNE



CÚL AR CEAL

SÚIL AN TSEABHAIC



FEAD DEIRIDH


THAR AN LÍNE



CAITHEAMH IN AIRDE

LOCA PIONÓIS

RÉITEOIR CÚNTA




AM CÚITIMH

OIFIGEACH TAOBHLÍNE

# Gluais

## (foclóirín agus nathanna coitianta)

***Níl sé sin ceadaithe*** – That's not allowed

***Tá cárta buí tuillte agat*** –You're getting a yellow card

***Bí cúramach!*** – Be careful!

***Ciúnas le do thoil*** – Quiet please!

***Ní féidir é sin a dhéanamh*** – You can't do that

***Tá an t-am istigh*** – Time is up!

***Sa chearnóg!*** – In the square!

***Ar fóraoil!*** - Wide!

***Poc/Cic saor!*** - Free!

***Cic/Poc éirice!*** - Penalty!

***Céimeanna!*** - Steps!

***Cosaint fiacla!*** - Gumshield!

***Am cúitimh!*** – Extra-time!

***Súil an tSeabhaic!*** - Hawkeye

# Cuardach Focal

CUAILLE

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | M | E | A | I | H | Á | D | G | O | U | F | C | T | N | E | S |
| F | A | C | O | L | U | M | C | U | N | N | I | N | G | P | D | B |
| B | R | E | N | D | A | N | G | R | I | F | F | I | N | U | E | C |
| O | G | T | L | B | N | M | D | T | C | N | E | U | O | F | D | O |
| G | A | I | S | F | C | R | E | G | D | H | S | F | I | Á | R | L |
| B | R | S | P | S | E | Á | N | H | U | R | S | O | N | P | B | M |
| L | E | H | E | M | N | B | J | O | C | L | P | G | L | G | F | L |
| P | T | C | R | A | P | Á | A | R | B | S | D | Y | E | A | C | Y |
| H | F | R | J | E | R | O | M | E | H | E | N | R | Y | R | S | O |
| C | A | G | D | L | F | L | E | D | G | M | É | R | F | H | G | N |
| M | R | B | P | Á | C | H | S | H | A | N | E | H | Y | N | E | S |
| R | R | P | M | I | O | A | O | U | E | T | F | U | Á | S | M | A |
| I | E | A | C | K | Ú | H | W | T | G | J | N | S | M | B | T | R |
| D | L | F | O | B | L | O | E | A | I | N | Á | H | G | I | H | H |
| S | L | O | E | N | Á | D | N | B | M | C | Ú | A | L | T | U | Á |
| L | Y | L | A | N | I | Á | S | E | Á | N | S | T | A | C | K | P |
| T | M | D | A | V | I | D | G | O | U | G | H | U | N | I | O | Y |

***Aimsigh na laochra réiteoirí seo a leanas:***

**Seán Hurson** (Tír Eoghain), **David Gough** (An Mhí), **Colm Lyons** (Corcaigh), **Margaret Farrelly** (An Cabhán), **James Owens** (Loch Garman), **Seán Stack** (Áth Cliath), **Shane Hynes** (Gaillimh), **Colum Cunning** (Aontroim), **Jerome Henry** (Maigh Eo), **Brendan Griffin** (Ciarraí)

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.